CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

**PREASEISIÚINT Uimh. 62/25**

**Lucsamburg, 3 Meitheamh 2025**

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-460/23 | [Kinsa] [1]

# Ní féidir pionós a ghearradh ar náisiúnach tríú tír a thagann isteach san Aontas go neamhrialta as teacht isteach neamhrialta a éascú toisc go bhfuil a leanbh mionaoiseach in éineacht leis, agus ar an gcúis sin amháin

*Ní fheidhmíonn an tuismitheoir sin ach amháin an fhreagracht atá air as an leanbh*

D'iarr Cúirt Dúiche ón Iodáil ar an gCúirt Bhreithiúnais faoin raon feidhme an chiona ghinearálta maidir le héascú iontrála neamhúdaraithe, dá bhforáiltear le dlí an Aontais. Freagraíonn an Chúirt Bhreithiúnais nach gcumhdaítear leis an gcion sin iompar duine a thugann mionaoisigh, de shárú ar na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha a thugann mionaoisigh ar náisiúnaigh tríú tír iad chuig críoch Ballstáit agus a bhfuil cúram iarbhír aige ina leith. Go deimhin, ní hionann iompar den sórt sin agus éascú na hinimirce neamhdhlíthiúla, a bhféachtar lena chomhrac le dlí an Aontais, ach feidhmiú fhreagracht an duine sin i leith na mionaoiseach sin, a eascraíonn as a ngaol teaghlaigh. Cuirtear bac le dlí an Aontais, mar sin, ar reachtaíocht náisiúnta lena ngearrtar pionós coiriúil as an iompar sin.

I mí Lúnasa 2019, chuir náisiúnach tríú tír í féin i láthair ag teorainn aerfort Bologna (an Iodáil) nuair a thuirling eitilt ag teacht ó thríú tír, in éineacht lena hiníon agus a neacht, mionaoisigh agus náisiúnaigh araon, agus pasanna bréagacha á n-úsáid aici. Gabhadh í agus tá sí á ionchúiseamh as éascú iontrála neamhúdaraithe. Dúirt sí gur theith sí óna tír thionscnaimh mar gheall Os rud e go raibh eagla uirthi faoi shláine coirp a hiníona agus a neacht, a raibh cúram iarbhír aici ina leith tar éis bhás mháthair an linbh, thug sí in éineacht léi iad. Go gairid ina dhiaidh sin, rinne sí iarratas ar chosaint idirnáisiúnta

Sna himeachtaí coiriúla, rinne an Chúirt Duíche, Bologna tarchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais. Rinne an Chúirt Bhreithiúnais measúnú ar an gceist an dtagann iompar den sórt sin faoi raon feidhme an chiona ghinearálta maidir le éascú iontrála neamhúdaraithe, de réir bhrí dhlí an Aontais [2] agus an bhféadfadh sé a bheith inphionóis le pionóis choiriúla

Freagraíonn an Chúirt Bhreithiúnais, ar an gcéad dul síos, nach dtagann **iompar duine**, de shárú ar na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha, **a thugann mionaoisigh ar náisiúnaigh tríú tír iad chuig críoch Ballstáit agus a bhfuil cúram iarbhír aige ina leith, faoi raon feidhme an chiona ghinearálta maidir le héascú iontrála neamhúdaraithe de réir bhrí dhlí an Aontais**.

Go deimhin, is ionann iompar den sórt sin agus feidhmiú fhreagracht an duine sin a eascraíonn as an ngaol teaghlaigh agus cúram iarbhír na mionaoiseach sin ag an duine sin. D'fhágfadh léiriú ar a mhalairt go mbeadh cur isteach thar a bheith tromchúiseach ar an gceart bunúsach go n-urramófaí saol an teaghlaigh agus cearta bunúsacha an linbh, a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 24 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a mhéid a bhainfeadh an bonn de bhunbhrí na gceart bunúsach sin.

Tá an léiriú sin níos riachtanaí fós sa chás seo i bhfianaise an chirt bhunúsaigh chun tearmainn. Ós rud é go bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta déanta ag an duine lena mbaineann, ní féidir a mheas, i bprionsabal, go bhfuil sí ag

fanacht go neamhdhleathach go dtí go ndéantar cinneadh maidir lena iarratas ag an gcéad chéim, nó ní féidir léi a bheith faoi réir pionóis choiriúla nó toisc go raibh a hiníon agus a neacht in éineacht léi, tráth na hiontrála sin, a bhfuil cúram iarbhír aici ina leith.

**Freagraíonn an Chúirt, ar an dara dul síos, go gcuirtear bac le dlí an Aontais ar reachtaíocht náisiúnta lena ndéantar coir as iompar den sórt sin**.

Go deimhin, ní féidir leis na Ballstáit dul thar raon feidhme an chiona ghinearálta maidir le héascú iontrála neamhúdaraithe mar a shainmhínítear i ndlí an Aontais, trí iompar nach gcumhdaítear le dlí an Aontais a chur san áireamh, de shárú ar an gCairt.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid an Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques René Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar 'Europe by Satellite' ✆ (+32) 2 2964106.

Tá físeán ina dtugann Uachtarán Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh míniú ar an mbreithiúnas seo le fáil anseo.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

[2] Treoir 2002/90/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2002 lena sainmhínítear éascú iontrála neamhúdaraithe, idirthurais neamhúdaraithe agus cónaithe neamhúdaraithe